



OLLSCOIL NA GAILLIMHÉ
UNIVERSITY OF GALWAY

Ár réigiún a chur chun cinn *le chéile.*

University
ofGalway.ie



Tá Ollscoil na Gaillimhe suite i gcroílár réigiúin atá uathúil agus beo bríomhar.

Trínár gcuid oibre ar Phlean Fiontraíochta Réigiúnaí an Iarthair – dhá ghníomh a stiúradh agus páirtnéireacht ar 17 gcinn eile – táimid tiomanta d'fhorbairt réigiúnach, d'fhiontar agus d'fhiontraíocht a chur chun cinn ar fud Iarthair na hÉireann.

Tá ról uathúil againn inár réigiún agus ar son ár réigiúin mar gheall ar an méid infheistíochta agus gníomhaíochta taighde a dhéanaimid, líon na seach-chuideachtaí agus comhoibrithe tionscail, agus ár n-oidhreacht shuntasach na glúine céimithe oilte a fhorbairt san Iarthair.



Cuspóir Straitéiseach 1: Forbairt ar an éiceachóras réigiúnach fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn

Conair Nuálaíochta an Atlantaigh

Tá Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil Uladh i gceannas ar thionscadal ceannródaíoch €4 milliún chun nuálaíocht inbhuanaithe a chothú faoi Chlár Taighde Thuaidh-Theas an Rialtais.

Is comhoibriú trasteorann é Conair Nuálaíochta an Atlantaigh a dhíríonn ar théamaí mar éiceachórais fiontraíochta tuaithe, scálú gnó, digitiú agus nascacht réigiúnach.

Cuirfidh sé raon buntáistí ar fáil dár réigiún, lena n-áirítear scéim meantóireachta d'fhiontraíochtaí ban, máistir-ranganna gnó le haghaidh fáis, clár forbartha scileanna digiteacha, agus taighde chun nascacht lastais thuaidh-theas a fheabhsú.

Tá Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Ollscoil Luimnigh ag comhoibriú ar an gclár chun an tionchar is fearr a imirt.



An Ród seo Romhat

Maoinithe trí Thionscnamh Caipitil Daonna an Rialtais, tá clár ‘An Ród seo Romhat’ na hOllscoile ag infheistiú €7.57m i bhforbairt scileanna agus fiontraíochta san ardoideachas mar ullmhúchán don todhchaí. Tá sé ag cur le hinfhostaitheacht ár gcéimithe trí níos mó rannpháirtíochta a chothú leis an tsochaí shibhialta, leis an bpobal agus leis an earnáil fiontraíochta agus iad i mbun staidéir, agus ag an am céanna feabhas a chur ar a n-oideachas trí chéile agus ar a n-ullmhacht don saol dúshlánach atá rompu i ndiaidh na paidéime. Príomhghné den chlár is ea oibriú le fiontair mhóra ar fud an Iarthair, lena n-áirítear Aerogen, Boston Scientific, Medtronic agus SAP – chomh maith le heagraíochtaí cathartha agus cultúrtha, amhail Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe.

An tlonad d’Fhás & Scálú Fiontraíochta

Tá an tlonad d’Fhás & Scálú Fiontraíochta lonnaithe i gColáiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí. Téann an tlonad i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le tacú le fás agus le scálú na ngnólachtaí dúchasacha agus eachtrannacha. Tacaíonn an fhoireann le scálú gnó trí na príomhdhúshláin a bhaineann le scálú rathúil a aithint agus léargais nua a sholáthar ar bhealaí ina bhféadfaí iad seo a bhainistiú. Inár gcáil uathúil mar an Scoil Ghnó is mó sa réigiún, déanann ár gcomhghleacaithe amhlaidh trí dhul i mbun taighde ar scálú agus na léargais sin a aistriú go cleachtas trí chlár for-rochtana agus máistir-ranganna le gnólachtaí in Iarthar na hÉireann.

Fuair an tlonad maoiniú síl ó Chiste Straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe, ó Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes, agus ó Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Ionaid Trasna an Réigiúin



Ionaid Trasna an Réigiúin

-  Campais réigiúnacha
-  Suíomhanna taighde
-  Acadaimh Leighis
-  Ionaid Ghaeltachta

University
of Galway.ie

Cuspóir Straitéiseach 2:
An earnáil chultúrtha agus chruthaitheach a neartú agus leas a bhaint aisti chun infheistíocht nua, tráchtálú agus deiseanna comhoibrithe a mhealladh

An tlonad do Theicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Tá Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh ag infheistiú €1 milliún ó Chiste Straitéiseach na hOllscoile chun Ionad nua do Theicneolaíochtaí Cruthaitheacha a bhunú. Ag tarraingt ar láidreachtaí reatha an Choláiste sna healaíona cruthaitheacha, rachaidh an tlonad nua i mbun taighde a léireoidh go criticiúil na crosbhealaí idir cleachtas agus teicneolaíochtaí cruthaitheacha, lena n-áirítear i réimsí mar Chruthaitheacht Mhéadaithe, Teicneolaíochtaí Tumoideachais agus Intleacht Shaorga. Forbrófar clár iarchéime nua i dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha, agus féachfaidh an tlonad freisin le hidirghníomhú le comhpháirtithe ollscoile atá ann cheana féin agus le comhpháirtithe nua, le comhpháirtithe cruthaitheacha agus leis an tionscal. Feabhsóidh sé an obair uathúil is féidir leis an gColáiste a dhéanamh chun cáil na Gaillimhe a fhorbairt mar ionad a aithnítear go hidirnáisiúnta le haghaidh barr feabhais i gcultúr agus cruthaitheacht.

An Tionscnamh Lá AIM

Is éard atá i Lá AIM ná Lá Cruinnithe Acadúla-Tionscal agus is samhail é a d'fhorbair Ollscoil Uppsala sa tSualainn chun lucht acadúil agus eagraíochtaí a spreagadh le teagmhálacha a chruthú agus eolas a mhalartú ar mhaithe lena chéile.

Ghlac Oifig Nuálaíochta Ollscoil na Gaillimhe leis an tsamhail agus seoladh sraith Laethanta AIM i mí na Samhna 2022 le fócas ar an earnáil chruthaitheach san Iarthar.

Tá an leagan amach simplí: ceannairí ón earnáil (sa chás seo Amharclann an Druid, Music for Galway, na meáin Ghaeilge agus na tionscail áitiúla cluichíochta agus scannán) a thabhairt le chéile le lucht acadúil ar fud na hOllscoile chun féachaint conas is féidir lenár dtaighde cabhrú le réiteach a fháil ar dhúshláin ghnó reatha.

Trí rannpháirtíocht leanúnach leis an earnáil, tá sé mar aidhm againn tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe sa tionscal cruthaitheach ar mhaithe le nuáil, pleanáil agus fás don todhchaí.

Díreoidh Laethanta AIM amach anseo ar thacaíocht agus ar chomhpháirtíocht le príomhearnálacha eile sa réigiún, lena n-áirítear teicneolaíocht leighis, muirí agus sonraí.



Cuspóir Straitéiseach 3:
Acmhainn Réigiún an
Atlantaigh Thiar a bhaint
amach maidir le fiontar
agus cruthú post san
earnáil Fuinnimh In-
athnuaite

Ciste do Dhúshláin
Dhomhanda: Infheistiú i
bhFuinneamh Muirí agus i
bPobail Chósta

Mar chuid dár Straitéis Taighde agus Nuálaíochta, tá an Ollscoil ag infheistiú €5 milliún i gciste nua do Dhúshláin Dhomhanda a thacóidh le taighde a bhfuil fíor-acmhainneacht bhunathraithe aige i sé phríomhréimse inar féidir linn fíordhifríocht a dhéanamh: friotaíocht frithmhiocróbach, dícharbónú, daonlathas, slándáil bia, sonraí daonna-lárnach, agus sláinte aigéin agus cósta.

Bronnadh an chéad dámhachtain €600,000 ar thionscadal fuinnimh mhuirí TIDAL-GES, faoi stiúir an Ollaimh Jamie Goggins. Tá sé dírithe ar réitigh chun aistriú a chinntiú go fuinneamh inacmhainne agus glan a fheabhsáionn sláinte agus athléimneacht pobal, fiadhúlra agus comhshaoil.

GEOFIT: Infheistiú i
bhfuinneamh geoiteirmeach
sábháilte ar an gcampas

Tá tús curtha ag Ollscoil na Gaillimhe le tionscadal caidéil teasa gheoiteirmigh ar an gcampas chun linn snámha an Ionaid Spóirt a théamh. Tá campas na hOllscoile cheana féin mar chuid de limistéar dícharbónaithe na Gaillimhe, atá ag díriú go láidir ar laghdú 51% ar astuithe carbóin faoi 2030 agus ar an gcampas a dhícharbónú faoi 2050.

Tá an córas caidéil foinse teasa na talún á fhorbairt agus á oibriú mar threoirthionscadal i dtionscadal Fís 2020 an AE GEOFIT, atá dírithe ar theicneolaíochtaí nuálacha a úsáid chun tacú le teicneolaíochtaí caidéil foinse teasa talún agus iad a fheabhsú san Eoraip. Trí chomhpháirtithe pobail agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí a bheith rannpháirteach sa tionscadal, tá sé mar aidhm againn deashampla a thabhairt san aistriú chuig toadhcháil níos inbhuanaithe.

**Cuspóir Straitéiseach 4:
Iomaíochas domhanda
earnáil na nEolaíochtaí
Beatha a bhrú chun cinn trí
achar réigiúnach agus
comhordú níos mó**

**Freastal ar riachtanais
amach anseo in earnáil
na nEolaíochtaí Beatha
atá ag dul i méid**

Fuair Oifig Nuálaíochta Ollscoil na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le Coimisiún Forbartha an Iarthair, €100,000 ón Scéim Scópála Nuálaíochta Fiontraíochta Réigiúnaí chun Mol Eolaíochtaí Beatha a chur chun cinn d'Iarthar na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh áiseanna den scoth a fhorbairt a thacaíonn le leathnú agus le fás taighde agus fiontar eolaíochtaí beatha inár réigiún. Rithfidh an tionscadal scóipeála ar feadh 2023 agus rachfar i dteagmháil le comhpháirtithe ar fud na hearnála taighde agus nuálaíochta.

**Institiúidí nua Taighde in
Ollscoil na Gaillimhe**

Táimid tiomanta do bhorradh a chur faoinár n-institiúidí taighde chun ár dtionchar leanúnach a chinntiú, go háirithe i gcomhthéacs na bpríomhréimsí ina bhfuil neart taighde sainiúil, moil tionscail áitiúla agus riachtanais réigiúnacha. In 2022, thugamar gealltanais foirmiúil dhá institiúid taighde nua a bhunú sna réimsí seo a leanas:

- **Teicneolaíochtaí Leighis agus Fionnachtain Ardteiripe**
(cleamhnaithe le Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta) a dhíreoidh ar thuiscint ar ghalair a luasghéarú agus réitigh shuaiteacha a sholáthar don tsláinte
- **Trialacha Cliniciúla Aistriúcháin Nuálaíochta**
(cleamhnaithe le Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte) a mhéadóidh an tionchar fíordhomhanda a eascraíonn as ár ngníomhaíochtaí taighde



Cuirfidh an péire le taighde leanúnach in Cúram, ionad taighde feistí leighis SFI a bhfuil cáil idirnáisiúnta air agus atá lonnaithe san Ollscoil. Meallfaidh siad tallann taighde agus maoiniú sna hEolaíochtaí Beatha chuig an réigiún agus cuirfidh siad le cáil na Gaillimhe mar ionad domhanda don teicneolaíocht leighis.



Cuspóir Straitéiseach 5:
An earnáil Teicneolaíochta Talmhaíochta agus Bia a mhéadú san Iarthar, le tacaíocht ó líonra nuálaíochta comhtháite, a éascóidh an t-aistriú i dtreo Bithgheilleagar inbhuanaithe

Nuálaíocht Talmhaíochta ar an gCuraclam

In 2022 seoladh comhpháirtíocht idir Ollscoil na Gaillimhe agus Teagasc chun cur le clár Eolaíochta Talmhaíochta na hOllscoile.

Anuraidh, sheolamar BSc úrnua san Eolaíocht Talmhaíochta le fócas láidir ar Thalmhaíocht Inbhuanaithe, ag mealladh breis is 500 iarratasóir sa chéad bhliain. Ag tógáil ar dhlúthnaisc taighde agus oideachais le Campas Mellows de chuid Teagasc, tá na heagraíochtaí i gcomhpháirtíocht le chéile chun an t-éileamh ollmhór ar Eolaíocht Talmhaíochta a shásamh, agus soláthróidh Teagasc cuid mhór teagaisc, ag léiriú saineolais in Eolaíocht Ainmhithe, córais Feirme agus Bainistíocht Feirme.

Tógann sé ar cheithre bliana de thaithí ag seachadadh ár MSc AgInnovation: Agricultural Innovation & Entrepreneurship.

Cuspóir Straitéiseach 6:
Na hionchais don fhiontraíocht inbhuanaithe, d'fhostaíocht agus do bhreisoiiliúint sa Turasóireacht a mhéadú

Coláiste Ósta na Sionna: Tacú le gairmeacha inbhuanaithe agus luach saothair sa turasóireacht agus san fháilteachas

Ónár gcampas réigiúnach sa tSionainn, Co. an Chláir, leanann ár gcomhghleacaithe ar aghaidh ag cur le 70 bliain de thaithí sa turasóireacht agus san fháilteachas, agus in 2022 seoladh dhá chlár MSc nua i mBainistíocht Fáilteachais Dhomhanda agus Cumarsáid Idirchultúrtha, agus san Fháilteachas, san Fheidhmíocht, agus sa Bhainistíocht Sócmhainní agus Ioncaim. Cuireann sé seo le nuálaíochtaí eile a rinneadh le déanaí i gColáiste na Sionainne, lena n-áirítear a gcláir forbartha gairmiúla leanúnaí nua agus modúil mhicreachreidiúnaithe i gceannaireacht fáilteachais, chomh maith le taighde nuai gcleachtas oibre agus eispéiris san earnáil fáilteachais.



Cuspóir Straitéiseach 7: Athrú cothrom digiteach agus glas a éascú san Iarthar

Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn san Iarthar

I dtionscnamh taighde nua a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Straitéiseach na hOllscoile, tá an Dr Sinéad Mitchell ag fiosrú an féidir geilleagar ciorclach a fhorbairt i bpríomhthionscail in Iarthar na hÉireann. Ag obair i gcomhpháirtíocht le Coimisiún Forbartha an Iarthair, déanfaidh an tionscadal obair gheilleagair chiorclaigh sa réigiún a mhapáil, tagarmharcáil go hidirnáisiúnta le réigiúin ardleibhéil den mhéid chéanna, agus aithneofar idirghabhálacha éifeachtacha agus comhshochair do phríomhthionscail. Áireofar ar na haschuir uirlisí do lucht déanta polasaithe agus do mhaoinitheoirí chun forbairt níos inbhuanaithe ár réigiúin a chur chun cinn.

Fíorais & Fíricí

Daoine

- Os cionn 19,000 mac léinn ó 122 tír
- 2,500 comhalta foirne, 20% ó thar lear
- 9 nGradam Scoile Athena SWAN
- 96% de chéimithe ag obair nó i mbun breisoideachais

Tionchar

- Caiteachas bliantúil €71m ar thaighde in 2022, an méid is airde riamh
- 9 seach-chuideachta nua ó 2020 i leith
- I measc an 2% is fearr d'ollscoileanna i Ranguithe Ollscoile QS an Domhain
- Comhoibriú taighde le 4,218 institiúid i 136 tír